# DUILLEOG

## Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimh. 3 Samhradh 2008

# Scór na nÓg



Cuid de na páistí a ghlac páirt




Rónán Mac Aodh Bhuí, Raidió na Gaeltachta a bhronn na Teastais

## Campa Samhraidh na Crannóige 2008

Arís i mbliana tá Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair ag reáchtáil Campa Samhraidh, sa Chrannóg, Srath na Corcra. Beidh an Campa ag toiseacht ar an 30 Meitheamh ar feadh 8 seachtainí. Ón 10.00 a.m.—3.00 .p.m Luan go hAoine.

Ranganna & Gníomhaíochtaí Éagsúla a bheas ar siúl;

- Dánta
- Amhránaíocht
- Ceol Uirlise
- Rince & Dioscó Gaelach
- Ealaíon

**Tuilleadh eolas : 074 95 32208 /95 60424**

## Léacht

Sa Chrannóg

14 Bealtaine, 8.30

**Teideal:**

An Rón agus an tOsnádúr i mBéaloideas na hÉireann

**Le**

Mícheál Ó Domhnaill

Acadamh na hOllscoile, Gaoth Dobhair

## Duaiseanna Ghlór na nGael atá buaite ag Gaoth Dobhair

| | |
|---|---|
| **2007** | Mór Ghradaim Náisiúnta Leibhéal 4 - 3ú áit - €7,500 |
| **2006** | Leibhéal 3 – 2ú áit - €1,500 & Duais Chomhairle Chontae Dhún na nGall - €1,500 |
| **2003** | An Ghaeltacht Leibhéal 2 – 2ú áit - €900 |
| **2002** | Duais Óige - €700 |
| **1996** | Duaiseanna Cúige - £1,000 |
| **1991** | Duais na Moltóirí £200 |
| **1989** | Roinn F (Pobal Gaeltachta – Údarás na Gaeltachta) 2ú Duais £600 |
| **1988** | Roinn F (Údarás na Gaeltachta) Teastas |
| | Duais Forbairt £200 |
| **1985** | Duais na Moltóirí - £100 |
| | Roinn F Pobal Gaeltachta Teastas |
| **1984** | Roinn F – 1ú Duais £300 |
| **1982** | Roinn F 1ú Duais £300 |
| | Duais Uí Chadhain £500 |
| | Duais Údarás na Gaeltachta £200 |
| **1981** | Roinn F – 3ú Duais |

# Comhbhrón

Is mian le Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair a gcomhbhrón ó chroí a dhéanamh le Peadar Mac an Iomaire, Príomh Fheidhmeannach Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar bhás a athair Pádraig. Go ndéanaí Dia a mhaith air. Ár gcomhbhrón fosta lena mháthair Máire a bhean chéile Máirín agus a dteaghlach.

Ár gcomhbhrón ó chroí chomh maith le Pádraig Mac Giolla Easpaig, Srath na Corcra, Cisteoir an Chomharchumainn ar bhás a mháthair Neilí. Go ndéanaí Dia a mhaith uirthi. Ár gcomhbhrón fosta lena athair Patraic, agus a theaghlach Sorcha agus Éamonn agus a muintir uilig.

Go gcúití Dia a mbris leo uilig.




Ag bronnadh duaiseanna Ghlór na nGael in ionad "Glór" in Inis ar 29/3/08.

Ó chlé Cathal Goan,
Stiúrthóir Ginearálta RTE,
Máire Mhic Niallais,
An Dr. Máire Ní Annracháin,
Ollscoil na hÉireann Maigh Nuad
agus Cathaoirleach Ghlór na nGael.

# Éigse Uladh 2008









# An Béal Binn 2008



Brídín Ní Mhaoldomhnaigh
Dán Nua chumtha



Dan Ó Gallchóir Corn Raidió na Gaeltachta, a dheirfiúracha Clodagh agus Ailbhe a fuair duaiseanna fosta



Caoimhe Nic Giolla Bhríde, (lár) Corn Cuimhneacháin Phat Uí Rabhartaigh, agus a bhain an 1 áit do rang 5 agus 6. Niamh Kuncatis 2 áit agus Claire Ní Bhaoide a fuair an 3 áit.


Pictúir ó Tommy Curran & Eoin Ó Breisléain

# Paráid na Féile Pádraig 2008



**Ba mhaith le Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair i gcomhar le Cumann Tráchtála & Tionscail Ghaoth Dobhair a mbuíochas a chur in iúl do na daoine a thug urraíocht, agus a ghlac páirt in Paráid na Féile Pádraig i mbliana. Buíochas speisialta do bhannaí ceoil Chloich Cheann Fhaola, Rann na Feirste, Anagaire agus Mhullach Dubh. Ansin fosta bhí banna ceoil Óige Ghaoth Dobhair agus banna ceoil Dhobhair a bhí amuigh den chéad uair le blianta fada. D'éirigh go maith leis an lá.**

## CROSFHOCAL




### TRASNA

3. Tagann sé seo ar thír nuair nach dtiteann dóthain báistí. (8)
4. Cuireann tú é ar arán. (2)
5. Is obair dhian í _________ orgánach. (14)
6. Bíonn _________ alpaca ar fheirmeacha áirithe. (7)
8. Is breá linn ar fad an sórt uachtair seo. (6)
9. Baineann an feirmeoir iad san fhómhar. (5)
10. Tugann ba é seo dúinn. (6)

### SÍOS

1. Fásann plandaí agus barraí ann. (5)
2. Scanraíonn sé na hé-in.(13)
7. Bíonn dath deas buí ar an mbia milis seo. (6)

### Suirbhé Turasóireachta Gaoth Dobhair 2008

Tá Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhar ag scaipeadh suirbhé sna hóstáin agus na tithe leaba agus bricfeasta i nGaoth Dobhair an deireadh seachtaine seo le heolas a fháil maidir le na cuairteoirí a thagann go Gaoth Dobhair. Tá sé mar chuspóir againn fáil amach cad iad na gnéithe ba mhó a thug orthú cuairt a thabhairt ar Ghaoth Dobhair, an bhfuil siad ag teacht ar mhaithe leis an Ghaeilge, nó le gnó, nó an bhfuil réasún eile i gceist. Beidh an suirbhé seo á scaipeadh ag amanna éagsula i rith an tsamhraidh agus mar thoradh air beidh muid ábalta díriú isteach ar na riachtanaisí difrúla atá ag na cuairteoirí a thagann go Gaoth Dobhair. Is féidir cóip den suirbhé a fheiceáil ar shuíomh idirlín an Chomharchumainn– www.gaothdobhair.com.

Tá an suirbhé seo á dhéanamh faoi scáth an Tionscamh Pleanála Teanga atá á réachtáil ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i gcomhair le hÚdarás na Gaeltachta. Is í bunaidhm an phlean seo atá anois sa tríú bhliain ná iniúchadh a dhéanamh ar staid reatha na Gaeilge i nGaoth Dobhair mar aon le seirbhísí éagsúla teanga-lárnaithe a sholáthair agus a chur i gcrích leis an Ghaeilge a láidriu mar an phríomhtheanga pobail sa cheantar. Má tá aon cheist agat faoi déan teagmháil leis an Bhainisteoir Pleanála Teanga, Caroline Ní Dhomhnaill ag 074 95 60424 nó 0871310079 nó is féidir bualadh isteach sa Chrannóg le labhairt léi.